**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2011 (28.11)**
**(OR. en)**

**17520/11**

**LIMITE**

**FISC 148**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Ardrúnaíocht |
| chuig: | An Chomhairle |
| ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Tuarascáil don Chomhairle ón Meitheal um an gCód Iompair<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) an 16 Samhain 2011, tháinig na toscaireachtaí uile ar chomhaontú maidir le tuarascáil na Meithle chuig an gComhairle (ECOFIN) mar a leagtar amach in 17081/11 FISC 144 í agus maidir leis an bPacáiste Oibre 2011 atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil.

2. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach na Meithle na dréacht-Chonclúidí seo a leanas ón gComhairle ar aghaidh:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

- fáiltíonn sí roimh an dul chun cinn a chuir an Mheitheal um an gCód i gcrích le linn Uachtaránacht na Polainne mar a leagtar sin amach ina tuarascáil (17081 FISC 144);

- iarrann sí ar an Meitheal tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar aon chúinse a fhanann gan leasú agus ar chur i bhfeidhm an rollta siar;

- formheasann sí Pacáiste Oibre 2011 de chuid na Meithle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad 17081/11 FISC 144 agus iarrann sí ar an Meitheal tosú ar an bPacáiste Oibre seo le linn Uachtaránacht na Danmhairge;

[- spreagann sí an Coimisiúin chun leanúint den chaibidlíocht le tríú tíortha mar a leagtar sin amach i dtuarascáil na Meithle agus chun an Mheitheal a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn;]

- iarrann sí ar an Meitheal tuairisc ar a cuid oibre a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na Danmhairge."

3. Phléigh Coiste na mBuanionadaithe an tsaincheist an 23 Samhain 2011. Chuir toscaireacht amháin in iúl gur mhian léi forchoimeádas a choimeád maidir leis na dréacht-Chonclúidí ag an gcéim seo i ndáil leis an téacs atá idir lúibíní.

4. Iarrtar ar an gComhairle na dréacht-Chonclúidí thuas ón gComhairle a chomhaontú agus a ghlacadh.